

Dhá scéal idirnáisiúnta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal idirnáisiúnta.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. neamhfhoirmeálta	a. tribal violence
2. cairdinéal	b. informal
3. comhthionól	c. on duty
4. comharba	d. assembly
5. achainí	e. request / appeal
6. foréigean treibhe	f. cardinal
7. ar dualgas	g. successor

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 2 Éist leis an mhír anois agus líon na bearnaí sa script.

Sa Róimh, cuireadh tús inniu le cainteanna _____ a bhaineann leis an bpróiseas chun an chéad phápa eile ar an Eaglais Chaitliceach a thoghadh. Tá an chuid is mó den 115 _____ atá sa Vatacáin inniu i dteideal vóta a chaitheamh. Tá dhá sheisiún den gcomhthionól ginearálta á reáchtáil ach níor fógraíodh aon dáta go fóillín maidir le cathain a chuirfear tús le _____ príobháideach na gcairdinéal chun _____ an Phápa Benedict a thoghadh.

Olltoghcháin sa Chéinia

Agus ag fanacht _____, sa Chéinia, tá cúigear déag ar a laghad maraithe agus muintir na tíre sin i mbun vótála i gceann de na holltoghcháin is tábhachtaí i stair na tíre. Tá _____ déanta ag oifigigh agus ag iarrthóirí an olltoghcháin ar mhuintir na Céinia foréigean treibhe a sheachaint. In 2007 maraíodh os cionn míle duine i bh_____ i ndiaidh torthaí olltoghcháin. Tá díreach níos lú ná céad míle póilín ar _____ sa Chéinia inniu in iarracht smacht a choimeád ar chúrsaí sa tír sin.

Ceist 3 Cuir na focail a chuir tú sna bearnaí in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 4. ‘...cúigear...’

Cad iad na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta, is é sin nuair a bhíonn tú ag comhaireamh daoine? Pléigh an scéal leis an duine in

aice leat. Ansin déanaigí iarracht an leagan ceart de na focail idir lúibíní thíos a scríobh. Cabhróidh an teagascóir libh mura bhfuil na patrúin ar eolas agaibh.

2 (banaltra)	_____
2 (foghlaimoír)	_____
9 (cainteoir)	_____
2 (siopadóir)	_____
10 (polaiteoir)	_____
3 (iníon)	_____
2 (tiománaí)	_____
6 (bádóir)	_____
2 (tuairisceoir)	_____
2 (dochtúir)	_____

Ceist 5 ‘...i mbun...’

- (a) Is réamhfhocail comhshuite é an sampla thuas. An bhfuil a fhios agat cad a tharlaíonn do na focail a leanann réamhfhocail chomhshuite?
- (b) Éist leis an mhír arís agus breac síos na cinn eile a chloiseann tú inti.
- (c) An féidir leat féin agus an duine in aice leat an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní a chur sna bearnaí?

In aghaidh (an rún):	_____
Ar fud (an tír):	_____
Ar feadh (an mhí):	_____
Os cionn (an doras):	_____
I rith (an rang):	_____
Le linn (an Nollaig):	_____
Os comhair (an bord):	_____
I bhfeighil (an teach):	_____

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil mórán suime agat i scéal an Phápa? Cen fáth?
- An mbeidh tionchar ag Pápa nua ar an saol in Éirinn, dar leat? Cén fáth?
- Cén fáth a mbíonn olltoghcháin - ar nós é sin atá ag tarlú anois sa Chéinia - corraitheach agus foréigneach in amanna?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7
b	f	d	g	e	a	c

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Iarr orthu abairtí a chumadh ag úsáid an fhoclóra ó cheist 1 agus 2 thuas.

Ceist 4

Baintear úsáid as an ghinideach iolra leis na huimhreacha pearsanta. Ar eagla nach bhfuil an tuiséal ginideach iolra ar eolas ag na mic léinn, is tréaniolraí ar fad atá roghnaithe do na samplaí sa cheacht seo. Seo na nithe ar gá smaoineamh orthu:

- (i) Leanann séimhiú beirt ach amháin ar d, s agus t: beirt mhúinteoirí, beirt tiománaithe.
- (ii) Ní leanann séimhiú triúr-deichniúr: triúr ceoltóirí, ceathrar fear.
- (iii) Ní bhaintear úsáid as na huimhreacha pearsanta beirt-deichniúr ach amháin nuair atá tú ag plé le huimhreacha faoi bhun 10: aon dhuine dhéag, ceithre dhuine dhéag, naoi mbanaltra dhéag, dhá pheileadóir déag, etc. Leantar na gnáthrialacha a bhaineann le comhaireamh agus tú ag plé le huimhreacha os cionn 10.

B'fhiú dul siar ar na leaganacha difriúla: beirt fhear, triúr fear, beirt bhan, triúr ban

1. beirt bhanaltraí
2. beirt fhoghlaimoirí
3. naonúr cainteoirí
4. beirt siopadóirí
5. deichniúr polaiteoirí
6. triúr iníonacha
7. beirt tiománaithe
8. seisear bádóirí
9. beirt tuairisceoirí
10. beirt dochtúirí

Ceist 5

(a) Bíonn siad sa tuiséal ginideach.

(b) I dteideal, i gceann, os cionn, i ndiaidh.

(c)

In aghaidh (an rún):	In aghaidh <i>an rúin</i>
Ar fud (an tír):	Ar fud <i>na tíre</i>
Ar feadh (an mhí):	Ar feadh <i>na míosa</i>
Os cionn (an doras):	Os cionn <i>an dorais</i>
I rith (an rang):	I rith <i>an ranga</i>
Le linn (an Nollaig):	Le linn <i>na Nollag</i>
Os comhair (an bord):	Os comhair <i>an bhoird</i>
I bhfeighil (an teach):	I bhfeighil <i>an tí</i>

Ceist 6

Abair leis na foghlaimoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choisdealbha

Tús curtha le cainteanna le Pápa nua a thoghadh

Sa Róimh, cuireadh tús inniu le cainteanna neamhfhoirmeálta a bhaineann leis an bpróiseas chun an chéad phápa eile ar an Eaglais Chaitliceach a thoghadh. Tá an chuid is mó den 115 cairdinéal atá sa Vatacáin inniu i dteideal vóta a chaitheamh. Tá dhá sheisiún den gcomhthionólⁱ ginearálta á reáchtáil ach níor fógraíodh aon dáta go fóillín maidir le cathain a chuirfear tús le comhthionól príobháideach na gcairdinéal chun comharba an Phápa Benedict a thoghadh.

Olltoghcháin sa Chéinia

Agus ag fanacht thar sáile, sa Chéinia, tá cúigear déag ar a laghad maraithe agus muintir na tíre sin i mbun vótála i gceann de na holltoghcháin is tábhachtaí i stair na tíre. Tá achainí déanta ag oifigigh agus ag iarrthóirí an olltoghcháin ar mhuintir na Céinia foréigean treibhe a sheachaint. In 2007 maraíodh os cionn míle duine i bhforéigean treibhe i ndiaidh torthaí olltoghcháin. Tá díreach níos lú ná céad míle póilín ar dualgas sa Chéinia inniu in iarracht smacht a choimeád ar chúrsaí sa tír sin.

ⁱ den *chomhthionól* atá sa chaighdeán oifigiúil